# RIALACHÁN (AE) 2021/1176 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Iúil 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le géinitíopáil cásanna dearfacha de TSE i ngabhair, aois ainmhithe caoraigh agus gabhar a chinntiú, na bearta is infheidhme i dtréad nó in ealta le scráibeach aitíopúil agus na coinníollacha d'allmhairí táirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23, an chéad mhír, agus Airteagal 23a, an frása réamhráiteach agus pointe (m), de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe (TSEnna) a chosc, a rialú agus a dhíothú in ainmhithe. Déantar Ballstáit, tríú tíortha nó réigiúin díobh a aicmiú ann de réir an bhaoil einceifileapaite spúinsigh bólachta (ESB) a bhaineann leo, sna haicmí seo a leanas: iad siúd lena mbaineann baol diomaibhseach ESB, iad siúd lena mbaineann baol rialaithe ESB agus iad siúd lena mbaineann baol neamhchinntithe ESB.

(2) Le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, leagtar síos rialacha maidir le córas faireacháin chun TSEnna a chosc, lena n-áirítear faireachán ar ainmhithe caorach agus gabhair. Le Pointe 8 de Chuid II de Chaibidil A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, déantar foráil do ghéinitíopáil éigeantach cásanna dearfacha de TSE i gcaoirigh, agus do dhualgas chun tuairisc a sholáthar don Choimisiún láithreach maidir le haon chás de TSE a aimsítear i gcaora de ghéinitíopa ARR/ARR. Meastar go bhfuil frithsheasmhacht in aghaidh scráibeach chlasaiceach ag caoirigh de ghéinitíopa ARR/ARR, agus mar sin is toradh neamhthuartha lena n-éilítear aird é cás ar bith den ghalar i gcaora den chineál sin. Ar an gcúis sin, ba cheart go dtabharfaí fógra dó láithreach ionas go bhféadfaidh sé a bheith faoi réir imscrúdú breise.

(3) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le Rialachán (AE) 2020/772 ón gCoimisiún ([2]), i gcomhréir leis na moltaí sa Tuairim Eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an 5 Iúil 2017 maidir le Frithsheasmhacht ghéiniteach in aghaidh einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEnna) i ngabhair ([3]), chun a aithint gur féidir le gabhair a bheith frithsheasmhach go géiniteach in aghaidh tréithchineálacha de scráibeach chlasaiceach arb eol dúinn gur ann dóibh go nádúrtha i ndaonra gabhar an Aontais, nuair atá na hailléilí K222, D146 nó S146 acu. Leasaítear Rialachán (AE) 2020/772 le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 trí rialacha a thabhairt isteach le nach gceadaítear ainmhithe gabhar a mharú agus a dhíothú, i dtréad ina bhfuil cás deimhnithe de scráibeach chlasaiceach, ach amháin iad siúd atá soghabhálach don ghalar sin. Mar sin féin, níor cumhdaíodh leis na leasuithe a rinneadh le Rialachán (AE) 2020/772 ar Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, géinitíopáil cásanna deimhnithe de TSE i ngabhair. Ba cheart Pointe 8 de Chuid II de Chaibidil A d'Iarscríbhinn III agus pointe 8 de Chuid I.A de Chaibidil B d'Iarscríbhinn III a leasú mar sin, le foráil a dhéanamh d'fhaireachán oiriúnach agus do thuairisciú ar ghéinitíopa cásanna deimhnithe de TSE i ngabhair.

(4) Ina theannta sin, leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 rialacha maidir le hábhar sonraithe riosca, agus foráiltear leis, *inter alia*, nach mór ábhar sonraithe riosca a bhaint agus a dhiúscairt i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis agus le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Go

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2020/772 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní I, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta díothaithe um einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha i ngabhair agus i bpórtha i mbaol (IO L 184, 12.6.2020, lch. 43)

([3]) Iris EFSA, 2017;15(8):4962.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

háirithe, déantar ábhar sonraithe riosca a shainiú, in ainmhithe caorach agus gabhair thar cionn 12 mhí d'aois, le pointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, nach mór é a bhaint agus a dhiúscairt i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis agus le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.

(5) Mar gheall ar shainiúlacht feirmeoireachta ainmhithe caorach agus gabhair, is annamh a bhíonn cinneadh dáta breithe ainmhithe caorach agus gabhair indéanta agus mar sin níl sonraí den chineál sin san áireamh sa chlár gabháltais is gá i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle ([5]). Dá bhrí sin, roimh an leasú ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le Rialachán (AE) 2018/969 ón gCoimisiún ([6]), bhí gá le hábhar sonraithe riosca a bhaint in ainmhithe caorach agus gabhair a bhfuil clárfhiacail bhuan gearrtha tríd an drandal acu.

(6) Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le Rialachán (AE) 2018/969 tríd an deis a chur leis chun modh maraithe arna fhormheas ag údarás inniúil an Bhallstáit a úsáid chun ainmhithe caorach agus gabhair atá os cionn 12 mhí a shainaithint. Tugadh isteach an deis in 2018 ach níor bhain aon Bhallstát leas as ó rinneadh an leasú sin. Freisin, bhí sé beartaithe go gcuirfí an deis sin i bhfeidhm sna Ballstáit amháin agus nach leathnófar go tríú tíortha é. Dá réir sin, ar mhaithe le deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil, is iomchuí anois é a scriosadh. Dá bhrí sin, ba cheart go scriosfaí ó phointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 an deis chun modh maraithe arna fhormheas ag údarás inniúil an Bhallstáit a úsáid chun ainmhithe caorach agus gabhair atá os cionn 12 mhí a shainaithint.

(7) Leagtar síos le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 bearta chun TSEnna a rialú agus a dhíothú, lena n-áirítear scráibeach aitíopúil. Go háirithe, leagtar síos le Caibidil B den Iarscríbhinn sin na bearta a chuirfear i bhfeidhm tar éis láithreacht TSE i mbó-ainmhithe, ainmhithe caorach agus gabhair a dheimhniú. Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 630/2013 ón gCoimisiún ([7]) le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 d'fhonn na bearta sriantacha uile ar ghluaiseacht ainmhithe caoraigh agus gabhar a chur ar leataobh i gcás ina ndeimhnítear cás de scráibeach aitíopúil, ach coimeádtar leis an méadú ar fhaireachán ar feadh 2 bhliain sna healta nó tréada sin chun níos mó sonraí eolaíochta a bhailiú ar scráibeach aitíopúil. Tá méid suntasach sonraí bailithe ón dáta arna ghlacadh Rialachán (AE) Uimh. 630/2014 i leith. Ba cheart go scriosfaí an beart a leagadh síos i bpointe 2.2.3 de Chaibidil B d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, nach bhfuil bainteach le hábhair imní sláinte poiblí, anois dá bhrí sin.

(8) Leagtar síos le Caibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 na riachtanais le haghaidh allmhairiú táirgí bó-ainmhithe, ainmhithe caorach agus gabhair isteach san Aontas. Tá difear idir na riachtanais ag brath ar stádas ESB thír nó réigiún bunaidh na dtáirgí, agus ag brath ar stádas ESB thír nó réigiún bunaidh na n-ainmhithe óna bhfuil na táirgí díorthaithe. Leagtar amach stádas ESB tíortha nó réigiún de réir an bhaoil ESB a bhaineann leo i gCinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún ([8]) ina liostaítear na tíortha nó na réigiúin lena mbaineann baol diomaibhseach nó baol rialaithe ESB, agus déantar foráil leis gur cheart go measfaí go mbaineann baol neamhchinntithe ESB le gach tír nó réigiún eile.

(9) Leagtar síos riachtanais shonracha i bpointe (g) agus pointe (h) de Roinn B de Chaibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, chun aghaidh a thabhairt ar chás ina n-allmhairítear táirgí ó thír nó réigiún lena mbaineann baol diomaibhseach ESB atá díorthaithe ó ainmhithe de bhunadh tír nó réigiún lena mbaineann baol neamhchinntithe ESB: bunaítear le pointe (g) nach mór nár saothraíodh na hainmhithe le min feola agus cnámh ná le geirdheascadh; agus bunaítear le pointe (h) nach mór na táirgí a bheith táirgthe agus láimhseáilte ar bhealach lena n-áirithítear nach raibh néarfhíochán ná fíochán limfeach iontu agus nár éillíodh iad le néarfhíochán ná fíochán limfeach arna nochtadh le linn an phróisis díchnámhaithe.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena bhunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

([6]) Rialachán (AE) 2018/969 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na riachtanais chun ábhar sonraithe riosca a bhaint ó athchogantaigh bheaga (IO L 174, 10.7.2018, lch. 12)

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 630/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 179, 29.6.2013, lch. 60)

([8]) Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lena mbunaítear stádas ESB Ballstát agus tríú tíortha nó réigiún díobh de réir an bhaoil ESB a bhaineann leo (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84)

(10) Tá na riachtanais shonracha a leagtar síos i bpointe (g) agus pointe (h) de Roinn B de Chaibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 comhsheasmhach leis na riachtanais a leagtar síos i bpointe 1(a) agus pointe 1(c)(ii) de Roinn D den Chaibidil sin, maidir le hallmhairiú isteach san Aontas ó thír nó réigiún lena mbaineann baol neamhchinnte ESB. Níl na riachtanais shonracha sin leagtha amach faoi láthair i Roinn C de Chaibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, ina leagtar síos na riachtanais maidir le hallmhairí ó thír nó ó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB. Dá bharr sin, ceadaítear faoi láthair, mar gheall ar an easnamh neamhbheartaithe sin, táirgí ó thír nó ó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB a allmhairiú isteach san Aontas, ar táirgí iad a dhíorthaítear ó ainmhithe de bhunadh tír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnte ESB nach gcomhlíonann na riachtanais shonracha sin. Ba cheart, mar sin, na riachtanais shonracha a leagtar síos i bpointe (g) agus pointe (h) de Roinn B de Chaibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a chur isteach i Roinn C de Chaibidil C den Iarscríbhinn sin.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní III, V, VII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú dá réir.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i gCaibidil A, i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

"8. Géinitíopáil

8.1. Cinnfear ar an ngéinitíopa próitéine prióin le haghaidh na gcódón 136, 154 agus 171 maidir le gach cás deimhnithe de TSE i gcaoraigh. Tabharfar fógra láithreach don Choimisiún maidir le cásanna de TSE a fhaightear i gcaoirigh de ghéinitíopaí a ionchódaíonn alainín (A) ar an dá ailléil ag códón 136, argainín (R) ar an dá ailléil ag códón 154 agus argainín ag an dá ailléil ag códón 171. Nuair is cás de scráibeach aitíopúil é an cás deimhnithe de TSE, cinnfear ar an ngéinitíopa próitéine prióin le haghaidh an chódóin 141 freisin.

8.2. Cinnfear ar an ngéinitíopa próitéine prióin le haghaidh na gcódón 146 agus 222 maidir le gach cás deimhnithe de TSE i ngabhair. Tabharfar fógra láithreach don Choimisiún maidir le cásanna de TSE a fhaightear i ngabhair de ghéinitíopaí a ionchódaíonn séirín (S) nó aigéad aspartach (D) ar ailléil amháin ar a laghad ag códón 146, agus/nó lísín (K) ar ailléil amháin ar a laghad ag códón 222."

(b) i gCaibidil B, i gCuid I.A., cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

"8. An géinitíopa agus, i gcás inar féidir, an pór de gach ainmhí caorach agus gabhair a bhfuil toradh dearfach maidir le TSE ina leith, agus a shampláiltear i gcomhréir le Caibidil A, Cuid II, pointe 8."

(2) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

"(b) a mhéid a bhaineann le hainmhithe caorach: an bhlaosc, lena n-áirítear an inchinn agus na súile, agus corda dromlaigh na n-ainmhithe os cionn 12 mhí d'aois nó a bhfuil clárfhiacail bhuan gearrtha tríd an drandal acu."

(3) in Iarscríbhinn VII, leasaítear Caibidil B mar a leanas:

(a) scriostar pointe 2.2.3.

(b) i bpointe 3.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (d):

"(d) go gceann tréimhse 2 bhliain ón dáta ar ar comhlíonadh na bearta dá dtagraítear i bpointe 2.2.1, i bpointe 2.2.2(b), nó i bpointe 2.2.2(c), ar choinníoll nach mbraitear aon chás de TSE seachas scráibeach aitíopúil le linn na tréimhse 2 bhliain sin."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.6:

"4.6. Beidh feidhm ag na srianta a leagtar amach i bpointí 4.1 go 4.5 ar feadh tréimhse 2 bhliain tar éis an cás deireanach de TSE a bhrath, seachas scráibeach aitíopúil, maidir leis na gabháltais inar cuireadh rogha 3 a leagtar síos i bpointe 2.2.2(d) chun feidhme."

(4) in Iarscríbhinn IX, i gCaibidil C, i Roinn C, i bpointe 1, cuirtear isteach na fophointí seo a leanas:

"(e) maidir leis na hainmhithe óna bhfuil na táirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar díorthaithe, más rud é go bhfuil siad de bhunadh tír nó réigiún a aicmítear, i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnte ESB, nár saothraíodh na hainmhithe le min feola agus cnámh ná le geirdheascadh, mar a shainmhínítear i gCód Sláinte Ainmhithe Talún OIE;

(f) maidir leis na hainmhithe óna bhfuil na táirgí de bhunadh bó-ainmhithe, caorach agus gabhar díorthaithe, más rud é go bhfuil siad de bhunadh tír nó réigiún a aicmítear, i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinnte ESB, gur táirgeadh agus gur láimhseáladh na táirgí ar bhealach lena n-áirithítear nach raibh néarfhíochán ná fíochán limfeach iontu agus nár éillíodh iad le néarfhíochán ná fíochán limfeach arna nochtadh le linn an phróisis díchnámhaithe."